Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

11951/25

LIMITE

PROBA 28
DEVGEN 134
FORETS 54
WTO 67
RELEX 1046

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0159(NLE)**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tarraingt siar an Aontais Eorpaigh ón nGrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tarraingt siar an Aontais Eorpaigh ón nGrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Toiliú an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaíodh an Grúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar in 1944 nuair a cuireadh deireadh leis an Scéim Idirnáisiúnta um Rialáil Rubar, a bhí i bhfeidhm ó bhí 1934 ann.

(2) Is eagraíocht idir-rialtasach é an Grúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar arb é is cuspóir dó fóram a chur ar fáil chun plé a dhéanamh ar fhadhbanna a dhéanann difear do tháirgeadh agus tomhaltas rubar nádúrtha agus sintéiseach agus don trádáil a bhaineann leo, agus chun faisnéis chuimsitheach staidrimh a bhailiú agus a scaipeadh maidir leis an tionscal domhanda rubair.

(3) Is le ranníocaíochtaí na gcomhaltaí go príomha a dhéantar gníomhaíochtaí an Ghrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar a mhaoiniú. Tá 60 % den bhuiséad formheasta le híoc ag na comhaltaí go léir i bhfoirm ranníocaíochtaí bunúsacha comhionanna. Tá an t-iarmhéid de 40 % le híoc ag na comhaltaí i gcomhréir leis an meán dá dtáirgeadh nó dá dtomhaltas rubair (cibé acu is mó) sna 3 bliana féilire roimh an mbliain airgeadais atá i gceist.



PUBLIC

(4) Rinneadh comhalta den Ghrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar den Chomhphobal Eorpach trí bhíthin Chinneadh 2002/651/CE ón gComhairle[2]. Ó bhí an 1 Iúil 2011 ann, ba é an tAontas an t-aon chomhalta amháin den Ghrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar, tar éis do Bhallstáit uile an Aontais a bhí ina gcomhaltaí den Ghrúpa roimhe sin fógra foirmiúil tarraingthe siar a thabhairt. Léirítear é sin i mBunreacht agus Rialacha Nós Imeachta leasaithe an Ghrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar, arna síniú agus arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas trí bhíthin Chinntí 2011/664/AE[3] agus 2012/283/AE[4] ón gComhairle, faoi seach.

(5) I gcomhréir le hAirteagal XVI, mír 3, de Bhunreacht an Ghrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar[5], tá fógra tarraingthe siar ó chomhalta le tabhairt i scríbhinn don Ardrúnaí faoin 1 Samhain le bheith éifeachtach an 30 Meitheamh den bhliain féilire ina dhiaidh sin agus tá comhalta a thugann fógra tar éis an 1 Samhain faoi dhliteanas i leith na ranníocaíochta ballraíochta don chéad bhliain airgeadais eile ina dhiaidh sin.

(6) Le blianta beaga anuas, bhí tionchar diúltach ann ar an nGrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar nuair a tharraing tíortha ar comhaltaí iad siar uaidh. Dá bhrí sin, is eagraíocht idirnáisiúnta é a bhfuil a ábharthacht teoranta agus ag dul i léig. Ní sheasann ballraíocht an Ghrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar anois ach do thart ar 10 % den rubar nádúrtha a dhéantar ar domhan agus do thart ar 25 % den tomhaltas domhanda rubair nádúrtha.

---

2 Cinneadh 2002/651/CE ón gComhairle an 22 Iúil 2002 maidir le rannpháirtíocht an Chomhphobail sa Ghrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar (IO L 215, 10.8.2002, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2002/651/oj).

3 Cinneadh 2011/664/AE ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2011 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Bhunreachta leasaithe agus Rialacha Nós Imeachta leasaithe an Ghrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 264, 8.10.2011, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/664/oj).

4 Cinneadh 2012/283/AE ón gComhairle an 24 Aibreán 2012 maidir le Bunreacht leasaithe agus Rialacha Nós Imeachta leasaithe an Ghrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar a bheith á dtabhairt i gcrích ag an Aontas Eorpach (IO L 141, 31.5.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/283/oj).

5 IO L 264, 8.10.2011, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/statute/2011/1008/oj.



PUBLIC

(7) Ní dócha go dtiocfaidh athrú ar an treocht anuas maidir le hionadaíocht an Ghrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar amach anseo.

(8) Mar thoradh ar an líon laghdaithe comhaltaí, ídiú chúlchistí airgid an Ghrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar agus éabhlóid ráta malairte EUR/SGD, tá ranníocaíocht an Aontais le buiséad an Ghrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar suntasach agus ag dul i méid.

(9) Bheadh ballraíocht leanúnach an Aontais in eagraíocht idir-rialtasach a bhfuil a hábharthacht teoranta agus ag dul i léig neamhéifeachtúil. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tarraingt siar ón nGrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Tarraingeoidh an tAontas siar ón nGrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC